

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Groenland Poultry SRL, faoi leachtú

Cosantóir: Agenția de Plăți și Intervenție pentru Agricultură – Centrul Județean Dâmbovița

Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) Ar cheart Airteagal 47(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1974/2006 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ⁽¹⁾ a léirmhíniú sa chaoi go n-áirítear le “force majeure nó imthosca eisceachtúla” an cás ina gcaillfidh tairbhí na tacaíochta an ceart chun an mhaoin léasaithe a úsáid mar gheall ar fhoirceannadh an chonartha léasa de bharr dhócmhainneacht úinéir na maoine léasaithe (léasóir)?
- 2) Ag féachaint do phrionsabal na comhréireachta, ar cheart Airteagal 44(2)(a) de Rialachán Uimh. 1974/2006 a léirmhíniú, i gcás go n-aistrítear gabháltas tairbhí, go hiomlán nó go páirteach, chuig duine eile le linn thréimhse comhlíonta gealltanais a dhéantar mar choinníoll chun tacaíocht a dheonú, agus go scoireann an dara tairbhí sin go cinntitheach dá ghníomhaíochtaí talmhaíochta cé go bhfuil cuid shuntasach dá ghealltanais comhlíonta aige cheana féin agus nach féidir le comharba an gealltanais a ghlacadh ar láimh, ar chaoi nach mór don dara tairbhí [den tacaíocht] an tacaíocht a fuair sé a aisíoc (don thréimhse a raibh sé ina thairbhí lena linn), nó an gcaithfidh sé an tacaíocht a fuair an chéad tairbhí den tacaíocht a aisíoc freisin?
- 3) Cad iad na coinníollacha faoina bhféadfadh an chúirt náisiúnta a chinneadh, i gcomhthéacs an léirmhínithe ar Airteagal 44(2)(a) de Rialachán Uimh. 1974/2006, “nach féidir le comharba an gealltanais a ghlacadh ar láimh”?

⁽¹⁾ IO 2006, L 368, lch. 15.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel București (an Rómáin) a taisceadh an 8 Márta 2022 –
Imeachtaí coiriúla in aghaidh AR**

(Cás C-179/22)

(2022/C 222/26)

Teanga an cháis: an Rómáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Curtea de Apel București

Páirtí sna príomhimeachtaí

AR

Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) An gá forálacha Airteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB ⁽¹⁾ a léirmhíniú sa chiall go bhfuil an t-údarás breithiúnach a fhorghníomhaíonn an barántas gabhála Eorpach, má tá sé ar intinn aige Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ⁽²⁾ a chur i chun aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas lena ngearrtar pianbhreith, faoi cheangal a iarraidh go ndéanfar an breithiúnas agus an deimhniú arna eisiúint de bhun Chinneadh Réime 2008/909/CGB [a chur ar aghaidh] agus toiliú an Stáit a chuireann an phianbhreith a fháil de bhun Airteagal 4(2) den Chinneadh Réime 2008/909/CGB?

- 2) An gá forálacha Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 25 agus 4(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, a léirmhíniú sa chiall go bhféadfaidh an Stáit a thug an phianbhreith mar thoradh ar dhiúltiú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a eisíodh chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú agus chun breithiúnas lena ngearrtar pianbhreith a aithint, gan é a fhorghníomhú go héifeachtach trí phríosúnacht an duine faoi phianbhreith tar éis pardún a fháil agus an phianbhreith a chur ar fionraí faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaigh, gan toiliú an Stáit a chuireann an phianbhreith a fháil i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le haitheantas, an ceart chun an phianbhreith a fhorghníomhú a fhorghéilleadh faoi Airteagal 22(1) de Chinneadh Réime 2008/909?
- 3) An gá forálacha Airteagal 8(1)(c) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a léirmhíniú sa chiall nach mbeidh breithiúnas lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta ar eisíodh barántas gabhála Eorpach ar a bhonn, ar diúltáidh dá fhorghníomhú faoi Airteagal 4(6) [den Chreat-Chinneadh sin] mar aon le haitheantas don bhreithiúnas lena ngearrtar pianbhreith ach gan é a fhorghníomhú go héifeachtach trí phríosúnacht an duine faoi phianbhreith tar éis pardún a fháil agus an phianbhreith a chur ar fionraí, i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaigh, agus gan toiliú an Stáit a chuireann an phianbhreith a fháil i gcomhthéacs an nós imeachta aitheantais, in-fhorghníomhaithe a thuilleadh?
- 4) An gá forálacha Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a léirmhíniú sa chiall gurb ionann breithiúnas lena ndiúltaítear barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a eisíodh chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú agus chun breithiúnas lena ngearrtar pianbhreith a aithint de bhun Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, ach gan é a fhorghníomhú go héifeachtach trí phríosúnacht an duine faoi phianbhreith tar éis pardún a fháil agus an phianbhreith a chur ar fionraí, i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaigh (Ballstát de chuid an Aontais) agus gan toiliú an Stáit a chuireann an phianbhreith a fháil i gcomhthéacs an nós imeachta aitheantais, agus breithiúnas “ó thríú Stát i leith na gníomhartha céanna”?

Má tá freagra dearfach ar an gceathrú ceist:

- 5) An gá forálacha Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a léirmhíniú sa chiall gurb ionann breithiúnas lena ndiúltaítear barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a eisíodh chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú agus chun breithiúnas lena ngearrtar pianbhreith a aithint de bhun Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, agus an phianbhreith a chur ar fionraí, i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaigh, agus pianbhreith atá “á cur isteach faoi láthair” i gcás nach bhfuil maoirseacht ar an duine ar cuireadh pianbhreith air tosaithe fós?

(¹) Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach. (IO 2008, L 327, lch. 27).

(²) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (an Ghearmáin) a taisceadh an 9 Márta 2022 – Finanzamt Hamm v Harry Mensing

(Cás C-180/22)

(2022/C 222/27)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesfinanzhof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Achomharcóir: Finanzamt Hamm

Freagróir: Harry Mensing